Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 7 Meán Fómhair 2026 (OR. en)**

**12848/26**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2026/0257 (NLE)**

**ENER 551**
**RELEX 1116**
**COWEB 107**
**COEST 646**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 7 Meán Fómhair 2026 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2026) 464 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Ráthaíochtaí Tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2026) 464 final.

---

Faoi iamh: COM(2026) 464 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 7.9.2026
COM(2026) 464 final

2026/0257 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Ráthaíochtaí Tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le haghaidh Cinneadh ón gComhairle leis an togra atá le tíolacadh thar ceann an Aontais agus atá le formheas le vóta an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh i ndáil leis an gcóras atá beartaithe chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite idir Ballstáit an Aontais Eorpaigh agus na naoi bPáirtí Chonarthacha neamh-AE den Chomhphobal Fuinnimh.

Tá sé beartaithe an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais a chur i láthair i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh lena ghlacadh ag an gcomhlacht sin an 30 Samhain 2026 ag an gcruinniú a bheidh aici i Vín na hOstaire. Roimh an gcruinniú sin, an 24 Samhain 2026, tiocfaidh Buanghrúpa Ardleibhéil an Chomhphobail Fuinnimh le chéile, i Vín freisin, chun an mhír sin atá le glacadh ag an gComhairle Aireachta a phlé agus a fhormhuiniú

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. Conradh an Chomhphobail Fuinnimh

Is é is aidhm do Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh[1] (CCF) creat cobhsaí rialála agus margaidh chomh maith le spás aonair rialála ar mhaithe le trádáil i bhfuinneamh an líonra a chruthú trí na gnéithe comhaontaithe d'*acquis* an Aontais maidir le fuinneamh a chur chun feidhme i dtíortha neamh-AE ar Páirtithe sa Chonradh iad. Tháinig CCF i bhfeidhm an 1 Iúil 2006. Tá an tAontas Eorpach ina pháirtí ann[2]. Is mar 'Pháirtithe Conarthacha' a thagraítear do na naoi bPáirtí neamh-AE in CCF.

### 2.2. An Chomhairle Aireachta agus an Buanghrúpa Ardleibhéil

Áirithíonn an Chomhairle Aireachta go ndéanfar na cuspóirí a leagtar amach in CCF a bhaint amach. Ar an gComhairle Aireachta tá ionadaí amháin ó gach Páirtí Conarthach agus beirt ionadaithe ón Aontas. De bhun Airteagal 47 CCF soláthraíonn sí treoirlínte ginearálta beartais, déanann sí bearta (cinntí nó moltaí) agus glacann sí gníomhartha nós imeachta. Tá vóta amháin ag gach Páirtí (an tAontas san áireamh), agus cuireann an Chomhairle Aireachta rialacha vótála éagsúla i bhfeidhm de réir an ábhair atá á phlé. De bhun Airteagal 78 CCF, ní fhéadfaidh an Chomhairle Aireachta gníomhú ach amháin má dhéantar ionadaíocht thar ceann dhá thrian de na Páirtithe. Ní áirítear staonadh ó vótáil mar vóta a chaitear. Tá gá le haontoilíocht na bPáirtithe uile le haghaidh an Dréacht-Chinnidh atá beartaithe de bhun Airteagal 85 CCF.

Is fochomhlacht den Chomhairle Aireachta é an Buanghrúpa Ardleibhéil. De bhun Airteagal 53, pointe (a) CCF, ullmhaíonn sé obair na Comhairle Aireachta, lena n-áirítear a clár oibre agus gníomhartha atá le glacadh ag an gComhairle Aireachta. Sa Bhuanghrúpa Ardleibhéil tá ionadaí amháin ó gach Páirtí Conarthach agus beirt ionadaithe ón Aontas. Tá vóta amháin ag an Aontas. De bhun Airteagal 78 CCF, ní fhéadfaidh an Buanghrúpa Ardleibhéil gníomhú ach amháin má dhéantar ionadaíocht thar ceann dhá thrian de na Páirtithe. Ní áirítear staonadh ó vótáil mar vótaí a chaitear.

---

[1] IO L 198, 20.7.2006, lch. 18.
[2] IO L 198, 20.7.2006, lch. 15.

### 2.3. An gníomh atá beartaithe ón gComhairle Aireachta

Baineann an togra seo le haghaidh Cinneadh faoi Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i dtaca leis an gCinneadh ó Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite idir Ballstáit an Aontais agus na naoi bPáirtí Chonarthacha neamh-AE den Chomhphobal Fuinnimh, atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh ón gComhairle atá beartaithe.

## 3. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Le Dréacht-Chinneadh 2026/xx/MC-EnC ón gComhairle Aireachta, dá ngairtear 'Dréacht-Chinneadh' anseo feasta, leagtar síos na coinníollacha agus na nósanna imeachta chun gur féidir le comhlacht inniúil i bPáirtí Conarthach nó i mBallstát den Aontas aitheantas frithpháirteach, idir Ballstáit an Aontais agus na Páirtithe Conarthacha, a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite. Déantar foráil ann maidir le bearta forfheidhmiúcháin agus coimirce chun sláine na gcóras um ráthaíochtaí tionscnaimh a chosaint laistigh den Aontas agus de na Páirtithe Conarthacha.

Le hAirteagal 19(11) de Threoir (AE) 2018/2001 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn[3], bunaítear córas chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh idir Ballstáit an Aontais agus ceadaítear é a leathnú chun tríú tíortha a chumhdach ar choinníoll go bhfuil comhaontú tugtha i gcrích ag an Aontas leis an tríú tír sin maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh arna n-eisiúint san Aontas agus go bhfuil córais chomhoiriúnacha um ráthaíochtaí tionscnaimh bunaithe sa tríú tír sin.

In 2021, rinne Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh Treoir (AE) 2018/2001 a oiriúnú agus a ghlacadh laistigh den Chomhphobal Fuinnimh. Is iomchuí, dá bhrí sin, córas an Aontais chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh a leathnú chun na naoi bPáirtí Chonarthacha neamh-AE den Chomhphobal Fuinnimh (dá ngairtear "Páirtithe Conarthacha" anseo feasta) a chumhdach.

Tá an leathnú le baint amach trí bhíthin an togra seo agus an Dréacht-Chinnidh atá i gceangal leis seo a d'fhéadfaí a ghlacadh i mí na Samhna 2026.

Tá an Dréacht-Chinneadh Aireachta bunaithe ar Theideal IV de CCF lena gceadaítear don Chomhphobal Fuinnimh bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh margadh aonair gan teorainneacha inmheánacha le haghaidh fhuinneamh an líonra a chruthú. De bhun Airteagal 85 CCF, bheadh ar Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh an Dréacht-Chinneadh Aireachta a ghlacadh d'aon toil. A luaithe a ghlacfar é, bheadh an Dréacht-Chinneadh ina cheangal ó thaobh dlí ar na Páirtithe Conarthacha uile chomh maith le ar an Aontas agus ar a Bhallstáit, i gcomhréir le CCF agus CFAE.

A luaithe a ghlacfar é, tiocfaidh an Dréacht-Chinneadh Aireachta i bhfeidhm sa Chomhphobal Fuinnimh i gcomhréir le hAirteagail 42(1), Airteagal 47 pointe (b), Airteagail 76, 84 agus 85 de CCF.

Ba cheart gurb é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhairle Aireachta an togra chuig Comhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh le haghaidh Dréacht-Chinneadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí

[3] Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh a fhormheas, agus vóta an Aontais i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a fhormheas i bhfabhar ghlacadh an Dréacht-Chinnidh sin.

## 4. BUNÚS DLÍ

### 4.1. Bunús dlí don nós imeachta

#### *4.1.1. Prionsabail*

In Airteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) déantar foráil maidir le cinntí lena mbunaítear 'na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú, nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe.'

Thairis sin, cuimsítear sa choincheap 'gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua na rialacha de chuid an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Cuimsítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil aon éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach a d'fhéadfadh 'tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtóir an Aontais Eorpaigh'[4].

#### *4.1.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlacht í an Chomhairle Aireachta a cuireadh ar bun le comhaontú, is é sin CCF.

An gníomh a n-iarrtar ar an gComhairle Aireachta é a ghlacadh, is gníomh é a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leis. Beidh an gníomh atá beartaithe ina cheangal faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 76 CCF, ar dá bhun atá cinneadh ina cheangal ó thaobh dlí orthu siúd chuig a ndírítear é agus Airteagal 40 CCF, lena bhforáiltear go bhfuil feidhm le bheith ag Bearta arna ndéanamh faoi Theideal IV CCF maidir leis na críocha a bhfuil feidhm ag an gConradh lena mbunaítear an tAontas Eorpach maidir leo agus maidir le críocha Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh

Leis na gníomhartha atá beartaithe, ní dhéantar creat institiúideach an chomhaontaithe a fhorlíonadh ná a leasú.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE is bunús dlí nós imeachta don chinneadh atá beartaithe.

### 4.2. Bunús dlí substainteach

#### *4.2.1. Prionsabail*

An bunús dlí substainteach atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE, braitheann sé go príomha ar chuspóir agus ar inneachar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais Eorpaigh ina leith. Má shaothraítear dhá aidhm leis an ngníomh atá beartaithe nó má tá dhá chomhpháirt ann, agus más féidir a shainaithint gur príomhaidhm nó príomh-chomhpháirt atá i gceann de na haidhmeanna nó de na comhpháirteanna sin, agus gan sa cheann eile ach aidhm nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE a bhunú ar aidhm aonair.

---

[4] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, An Ghearmáin v An Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64.

#### *4.2.2. Feidhm maidir leis an gcás seo*

Baineann príomhchuspóir agus príomhinneachar an ghnímh atá beartaithe le fuinneamh agus ní de chineál fioscach go príomha iad. Dá bhrí sin, is é Airteagal 194(2) CFAE bunús dlí substainteach an chinnidh atá beartaithe.

### **4.3. Conclúid**

Is é an bunús dlí ba cheart a bheith leis an gcinneadh atá beartaithe Airteagal 194(2) CFAE i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE.

2026/0257 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh a mhéid a bhaineann le hAitheantas Frithpháirteach a thabhairt do Ráthaíochtaí Tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 194(2) CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas Conradh an Chomhphobail Fuinnimh ('an Conradh') a thabhairt i gcrích le Cinneadh 2006/500/CE ón gComhairle an 29 Bealtaine 2006 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Iúil 2006.

(2) De bhun Airteagail 47(b) agus 76 den Chonradh, féadfaidh an Chomhairle Aireachta bearta a ghlacadh i bhfoirm cinnidh nó molta.

(3) De bhun Airteagal 42(1), féadfaidh an Comhphobal Fuinnimh Bearta a dhéanamh arb é is aidhm dóibh margadh aonair gan teorainneacha inmheánacha le haghaidh Fhuinneamh an Líonra a chruthú. A luaithe a ghlacfar na Bearta sin, beidh siad ina gceangal ar an Aontas agus ar Pháirtithe Conarthacha uile an Chomhphobail Fuinnimh, i gcomhréir le hAirteagal 40 den Chonradh;

(4) I measc phríomhchuspóirí Chonradh an Chomhphobail Fuinnimh, mar a leagtar amach in Airteagal 2 de, tá creat cobhsaí rialála agus margaidh a chruthú a bheidh in ann infheistíocht i nginiúint leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a mhealladh, úsáid fuinnimh in-athnuaite a chothú, na coinníollacha chun fuinneamh a thrádáil sa spás aonair rialála a leagan amach, an iomaíocht i margaí fuinnimh ar scála geografach níos leithne a fhorbairt agus barainneachtaí scála a shaothrú;

(5) Chun na spriocanna a leagtar síos maidir le sciar an fhuinnimh in-athnuaite a bhaint amach, ní mór do na Páirtithe Conarthacha dul chun cinn substaintiúil a dhéanamh maidir le cur in úsáid fuinnimh in-athnuaite a mhéadú ar a gcríocha;

(6) Trí fhianaise a sholáthar do chustaiméirí deiridh gur táirgeadh cainníocht áirithe leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus gur féidir í a aistriú go neamhspleách ar an leictreachas a táirgeadh, tá luach margaidh ag ráthaíochtaí tionscnaimh is féidir a úsáid chun infheistíochtaí i dtáirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite a spreagadh a thuilleadh;

(7) Le hAirteagal 19 de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite a chur chun cinn ('Treoir (AE) 2018/2001'), bunaítear córas chun aitheantas frithpháirteach a

thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh idir Ballstáit an Aontais agus ceadaítear é a leathnú chun tríú tíortha a chumhdach ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe;

(8) Ós rud é go bhfuil Treoir (AE) 2018/2001 oiriúnaithe agus glactha ag an gComhphobal Fuinnimh le Cinneadh 2021/14/MC-EnC ón gComhairle Aireachta agus gur páirtí é an tAontas Eorpach sa Chomhphobal Fuinnimh, is iomchuí córas an Aontais chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh a leathnú chun Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh a chumhdach a luaithe a chomhlíonfaidh siad na coinníollacha a leagtar amach sa Chinneadh seo;

(9) Chun aitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh idir Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus Ballstáit an Aontais Eorpaigh, ní mór do na Páirtithe uile na prionsabail chéanna agus na ceanglais dhlíthiúla chéanna a ailíniú agus leanúint dá gcomhlíonadh éifeachtach; Is gá, dá bhrí sin, na coinníollacha a leagan síos ar cheart do gach Páirtí Conarthach iad a chomhlíonadh roimh dheonú an aitheantais agus ina dhiaidh;

(10) Ba cheart nós imeachta a leagan síos maidir leis an measúnú, an próiseas cinnteoireachta i dtaca le haitheantas a thabhairt agus forfheidhmiú rialacha a bhaineann le haitheantas a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite;

(11) Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún, thar ceann an Aontais, Cinneadh a mholadh do Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh. Thairis sin, ba cheart don Choimisiún, thar ceann an Aontais, vótáil i bhfabhar an togra ag cruinniú na Comhairle Aireachta atá beartaithe don 30 Samhain 2026.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, údaraítear an Coimisiún an togra le haghaidh Cinneadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh, atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo, a chur faoi bhráid Chomhairle Aireachta an Chomhphobail Fuinnimh.

*Airteagal 2*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais ag an 24ú seisiún den Chomhairle Aireachta an 30 Samhain 2026 tacú le glacadh an togra le haghaidh Cinneadh maidir le haitheantas frithpháirteach a thabhairt do ráthaíochtaí tionscnaimh le haghaidh leictreachas ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite arna n-eisiúint ag Páirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh agus ag Ballstáit an Aontais Eorpaigh, atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Féadfaidh an Coimisiún mionathruithe ar an togra atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a chomhaontú, roimh an gComhairle Aireachta nó lena linn, gan cinneadh eile ón gComhairle, i bhfianaise barúlacha ó Pháirtithe Conarthacha an Chomhphobail Fuinnimh.

Mura mbeidh an Chomhairle Aireachta in ann an togra atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo a ghlacadh ag an 24ú seisiún a bheidh aici an 30 Samhain 2026, féadfar an togra a ghlacadh trí chomhfhreagras tar éis an tseisiúin sin, i gcomhréir le Rialacha Nós Imeachta an Chomhphobail Fuinnimh, gan ghá le cinneadh eile ón gComhairle chuige sin.

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*